



Clár Cóiríochta

Don Lucht Siúil

2019 -2024



Clár na nÁbhar

Ráiteas Straitéise	2
Réamhrá	3
Ár Seirbhísí don Lucht Siúil	4
Cúlra agus Bunús Dí	5
Ráiteas Beartais	7
• Beartas Dúchasach	
An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil	8
Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil	8
Athbhreithniú ar Sholáthar Cóiríochta don Lucht Siúil	9
Caiteachas Caipitil agus Ioncaim	10
• Infheistíocht Chaipitil	
• Caiteachas Ioncaim	
Líon na dTeaghlach Lucht Siúil	11
• Riachtanais Chóiríochta sa Toghchán	
Measúnú ar Riachtanais Chóiríochta	13
Próiseas Comhairliúcháin Reachtúil-Poiblí	14
Láithreáin Neamhbhuana	15
An Clár Nua Soláthair atá Beartaithe	16
• Tithíocht Chaighdeánach	
• Cóiríocht atá Sonrach don Lucht Siúil	
• Uasghrádú Fónais ar Láithreáin Stad	
Spríocanna Bliantúla	18
Ionduchtú Tionóntaí	19
Bainistiú agus Cothabháil	20
Sábháilteacht Dóiteáin	21
Rannpháirtíocht Tionóntaí / Bainistiú Eastáit	21
• Bainistiú Eastáit	
• Campaí Neamhúdaraithe	

LIOSTA NA dTÁBLAÍ

Tábla 1: Teaghlach Lucht Siúil ar tugadh Cóiríocht dóibh 2014-2018 .	9
Tábla 2: Caiteachas Caipitiúil ar Sholáthar de Chóiríocht don Lucht Siúil	10
Tábla 3: Caiteachas Ioncaim 2007 - 2013	10
Tábla 4: Roghanna Tithíochta de Theaghlach Lucht Siúil	12
Tábla 5: Aonaid Nua Cóiríochta atá ag Teastáil	13
Tábla 6: Cóiríocht Shonrach don Lucht Siúil - Spríocanna Bliantúla	18

Ráiteas


Straitéise

Is í Comhairle Contae Fhine Gall an t-údarás forfheidhmithe sa Chontae seo don Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024. Ainmníodh an Rannóg Thithíochta agus Pobail chun déileáil le gach ábhar a eascraíonn as chur i bhfeidhm Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998. Tá an Roinn seo freagrach as a chinntiú go gcoinnítear gach páirtí a bhfuil baint acu le cóiríocht an Lucht Siúil ar an eolas maidir le forbairt ar thograí le haghaidh cóiríochta buaine atá sonrath don Lucht Siúil sa chlár seo.

Tá cur síos sa phlean ar an ngá atá le Cóiríocht Shonrach don Lucht Siúil agus ar roghanna athraitheacha an Lucht Siúil go tithíocht chaighdeánach mar rogha tithíochta idéalach.

Sa Phlean seo, tabharfar aghaidh ar an ngá atá le húsáid na n-acmhainní atá ann cheana a uasmhéadú, lena n-áirítear áitíocht na cóiríochta atá ann cheana féin, bainistiú agus cothabháil na láithreán atá ann cheana agus struchtúir a bhunú chun rannpháirtíocht chónaitheoirí níos mó a spreagadh chun pobail ghníomhacha agus uileghabhálacha a thógáil.

Déanfar athbhreithniú foirmiúil ar an bplean seo, a chuirfear faoi bhráid na Comhairle, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2021 mar a leag an tAire amach i gCiorclán 35/2018.



Margaret Geraghty

Stiúrthóir Seirbhísí

An Rannóg Thithíochta agus Phobail

Réamhrá

I gContae Fhine Gall, clúdaítear achar de 173 míle cearnach (450 ciliméadar cearnach) agus síneann sé ón Life agus ó theorainn na cathrach suas go Baile Brigín agus ó thuaidh. Tá carachtar uirbeach agus tuaithe ag an gcontae le roinnt ceantar uirbeach, lena n-áirítear Baile Bhlainséir, Caisleán Cnucha, Mullach Eadrad, Cluain Saileach, Baile Brigín, Domhnach Bat, Sord, Na Sceirí, Mullach Íde, Port Mearnóg, Baile Dúill, Cill Fhionntain agus Binn Éadair. Tá carachtar tuaithe ag an gcuid eile den chontae, den chuid is mó, agus áirítear leis seo, na sráidbhailte Lusca, an Ros, Baile Bachaille, An Seanbhaile, an Aill, Baile an Ridire, Baile Gháire agus Teampall Mhaighréide. Tháinig méadú ar dhaonra an Chontae ó 273,991 in 2011 go 296,214 in 2016.



Ár Seirbhísí don Lucht Siúil

Cuireann Rannóg Thithíochta agus Pobail na Comhairle an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil i bhfeidhm lena n-áirítear:



**MEASÚNÚ AR
RIACHTANAS**



**BAINISTIÚ
AGUS
COTHABHÁIL AR
CHÓIRÍOCHT
SHONRACH DON
LUCHT SIÚIL**



**PLEANÁIL AGUS
SEACHADADH NA
CÓIRÍOCHTA NUA**



Cúlra agus Bunús Dlí

Tháinig Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 i bhfeidhm an 11 Meán Fómhair, 1998. Ceapadh an tAcht chun creat reachtaíochta a chur i bhfeidhm chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla freastal ar riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil a bhfuil gnáthchónaí orthu laistigh dá limistéir riaracháin.

Le hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998, ceanglaítear ar údaráis tithíochta, i gcomhairliúchán leis an Lucht Siúil agus leis an bpobal i gcoitinne, Clár Cóiríochta don Lucht Siúil cúig bliana a ullmhú agus a ghlacadh nó, ar feadh tréimhse níos giorra a fhéadfaidh an tAire a ordú, chun freastal ar na riachtanais atá ag an Lucht Siúil cheana féin agus ar na riachtanais a réamh-mheastar a bheidh ag an Lucht Siúil ina gceantar. Leis an gclár cóiríochta reatha, cumhdaítear an tréimhse 2014 go 2018. Sa litir chiorclán tithíochta 35/2018 a d'eisigh an tAire, ordáiodh go gclúdófaí sa chlár nua an tréimhse ó 2019 go 2024. Tá na forálacha tábhachtacha seo a leanas san Acht:

- a) Sa chás go dteipeann ar na baill clár a ghlacadh éileofar ar an bPríomhfheidhmeannach an clár a ghlacadh, tríd ordú, laistigh de mhí amháin ón dáta is déanaí nach mór do na baill é a ghlacadh.
- b) Soláthar a dhéanamh le haghaidh fógra poiblí agus próiseas comhairliúcháin maidir le cláir chóiríochta don Lucht Siúil a ullmhú.
- c) A éileamh ar údaráis tithíochta céimeanna réasúnta a ghlacadh chun cur i bhfeidhm na gclár cóiríochta don Lucht Siúil a chinntiú.
- d) Soláthar a dhéanamh do bhunú an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil.
- e) Soláthar a dhéanamh chun Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil a bhunú chun comhairliúchán leis an Lucht Siúil a éascú.
- f) Tacaíocht reachtúil a leathnú don soláthar de thacaíocht airgeadais d'údaráis tithíochta chun cóiríocht don Lucht Siúil a sholáthar agus a bhainistiú.
- g) Méadú a chur ar an raon roghanna tithíochta atá ar fáil don Lucht Siúil chun cóiríocht chuí a dhaingniú.
- h) Na cumhachtaí atá ar fáil d'údaráis tithíochta a leathnú chun teaghaisí sealadacha neamhúdaraithe a rialú.
- i) Foráil an Achta Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 2000, a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go n-áireofaí go sonrach cuspóirí maidir le soláthar de chóiríocht don Lucht Siúil sna pleannanna forbartha contae agus uirbeacha ann.

Cúlra agus Bunús Dlí ar lean...



j) Foráil a dhéanamh go n-áireofaí i dtuarascálacha bliantúla a d'ullmhaigh Comhairlí Contae sonraí faoi na bearta a rinneadh chun clár chóiríochta don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm agus faisnéis maidir le himeachtaí an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil.

k) Na cumhachtaí atá ar fáil d'údarás áitiúla faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (arna leasú) a bhaineann le hiompar frithshóisialta a leathnú chuig láithreáin stad

“

Foráiltear leis seo do chur chuige náisiúnta ina gcaithfidh gach údarás tithíochta clár cóiríochta a ullmhú agus tá dualgas air é a chur i bhfeidhm sa tréimhse chéanna. Cabhróidh sé seo le haghaidh a thabhairt ar an gcás ina ndeachaigh an Lucht Siúil go dtí ceantair a rinne iarracht cur chuige dearfach a ghlacadh chun cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil.

Ráiteas Birt

Tá sé mar bheartas ag an gComhairle roghanna grúpthithíochta agus caighdeánacha a sholáthar mar aon le bána páirceála do charbháin chónaithe, don chóiríocht don Lucht Siúil atá dúchasach do chontae riaracháin Fhine Gall i gcomhréir leis an measúnú ar riachtanas a rinneadh faoi na forálacha d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 agus ag féachaint do chuspóirí cóiríochta na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017 - 2021. Ar an gcaoi sin, aithníonn an Chomhairle féiniúlacht chultúrtha an Lucht Siúil mar ghrúpa mionlaigh, a bhíonn roinnt acu ag taistil, agus sa bhreis air sin, déanann sí

iarracht chun cóiríocht a thabhairt don Lucht Siúil ar bhealach cuí ó thaobh cultúir de agus ag freastal ar a gcuid riachtanas sóisialta ag an am céanna.

Thug an Rialtas le fios ina dhoiciméad beartais “Atógáil Éireann - Plean Gníomhaíochta do Thithíocht agus Easpa Dídine” go bhfuil ról lárnach le himirt ag comhlachtaí ceadaithe tithíochta (CCT) i soláthar agus i mbainistiú tithíochta sóisialta in Éirinn. Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil le CCTanna leasmhara chun ról fhéideartha don earnáil seo a fhiosrú maidir le cóiríocht don Lucht Siúil a sholáthar sa Chontae, go háirithe maidir le cóiríocht nua a sholáthar agus

bainistiú / cothabháil ar shuíomhanna atá ann cheana.

BEARTAS UM LUCHT SIÚIL DÚCHAIS

Is é beartas Chomhairle Contae Fhine Gall cóiríocht shonrach don Lucht Siúil a chur ar fáil ach do lucht siúil dúchais an chontae amháin.

Chun críche an chláir seo, ní mheasfaidh an Chomhairle go bhfuil teaghlach Lucht Siúil “dúchasach” ach amháin sa chás go bhfuil an teaghlach ina chónaí go buan sa chontae ar feadh tréimhse nach lú ná trí bliana díreach roimh ghlacadh Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall 2019 - 2024.



Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tugann an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCÁCLS) comhairle don Chomhairle maidir le soláthar agus cothabháil chóiríochta don Lucht Siúil. Tá 3 Chomhairleoir, 3 Ionadaí don Lucht Siúil

agus oifigigh shinsearacha ó Roinn Tithíochta na Comhairle mar bhall den CCÁCLS. Tá 6 chruinniú sceidealta in aghaidh na bliana ag an gCoiste - gach 2 mhí. Ag na cruinnithe seo pléitear gach ceist maidir le cóiríocht don Lucht Siúil. Seolann an Coiste

a ghnó ag féachaint dá bhuanorduithe agus do “Threoirlínte um Oibriú na gCoistí Comhairleacha um Chóiríocht Áitiúil don Lucht Siúil” arna n-eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a bhí ann an tráth sin.

Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil

Is rannpháirtithe iad baill an Rannóige Tithíochta i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm na straitéisí agus na gcuspóirí de Ghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Fhine Gall. Tionóltar cruinnithe








idir na páirtithe leasmhara go rialta - is é Stiúrthóir Tithíochta & Pobail na Comhairle Cathaoirleach reatha an ghrúpa. Is í Comhairle Contae Fhine Gall an phríomhghníomhaireacht maidir le cuspóirí cóiríochta an Ghrúpa Idirghníomhaireachta

don an Lucht Siúil lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna mar chomhairliúchán, rannpháirtíocht tionóntaí agus bainistiú eastáit.

Athbhreithniú ar Sholáthar Cóiríochta don Lucht Siúil

Sholáthair an Chomhairle líon suntasach de shuíomhanna cóiríochta sonraí don Lucht Siúil (Grúpscéimeanna Tithíochta agus Láithreáin Stad) le linn clár Cóiríochta don Lucht Siúil a reáchtáladh roimhe seo. Ina theannta sin, tá cóiríocht tugtha go leor teaghlach den Lucht Siúil i dtithíocht chaighdeánach, de réir mar a d'iarr na teaghlaigh air. Go dtí seo, sholáthair Comhairle Contae Fhine Gall 475 aonad cóiríochta do theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil sa Chontae. Tá achoimre ghairid leagtha amach thíos.

CLÁIR CHÓIRÍOCHTA LUCHT SIÚIL A REÁCHTÁLADH ROIMHE SEO: -


 Páirc na Maighne	Athchóiriú ar 10 mbá láithreáin stad
 Cúirt Bhaiscín, Sord	Comhdhéanta de 10 dteaghas ghrúpscéim tithíochta
 Páirc San Filimín	Athchóiriú ar aonad an fheighlí
 Faiche Halla an Leasáin	Athchóiriú ar 3 theach
 Ard Ló, Na Sceirí	Comhdhéanta de 10 dteaghas ghrúpscéim tithíochta
 Lóiste an Sciobóil, Caisleán Cnucha	Comhdhéanta de 10 mbá láithreán stad
 Baiscín, Steach Comhaill	Athchóiriú ar 3 theach

Soláthraíonn Comhairle Contae Fhine Gall scéim Iasachtaí agus Deontais Carbháin chun carbháin a cheannach ag an Lucht Siúil faoi Alt 25 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Le linn saolré an Phlean Cóiríochta don Lucht Siúil roimhe seo, d'eisigh Comhairle Contae Fhine Gall ceaduithe do 116 iasacht san iomlán.

Ina theannta sin, tugadh cóiríocht do 175 teaghlach, thar shaolré an chláir 2014 go 2018, mar a leanas: -

Tábla 1:

TEAGHLAIGH LUCHT SIÚIL AR TUGADH CÓIRÍOCHT DÓIBH 2014-2018



Caipiteal agus Caiteachas Ioncaim


INFHEISTÍOCHT CHAIPITIL

Sna míreanna roimhe seo, taispeántar gur sholáthair an Chomhairle méid an-suntasach cóiríochta do theaghlach Lucht Siúil le linn na cláir roimhe seo. I dTábla 2, léirítear an caiteachas caipitil in aghaidh na bliana don soláthar seo ó 2014 ar leith.

Tábla 2:

CAITEACHAS CAIPITIÚIL AR SHOLÁTHAR DE CHOIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Bliain	Caiteachas Caipitil
2014	€389,392
2015	€1,447,173
2016	€803,123
2017	€554,869
2018	€593,057
Iomlán	€3,787,614




CAITEACHAS IONCAIM

Chomh maith leis an infheistíocht chaipitil, taispeántar an caiteachas ioncaim ar bhainistiú agus ar chothabháil chóiríochta don Lucht Siúil ó 2014 ar leith i dTábla 3.

Tábla 3:

CAITEACHAS IONCAIM 2014 -2018

Bliain	Caiteachas Ioncaim
2014	€1,803,072
2015	€1,617,180
2016	€1,789,662
2017	€1,604,873
2018	€1,741,823
Iomlán	€8,556,610



“

Faoin scéim iasachtaí agus Deontais Carbháin chun ligean don Lucht Siúil carbháin a cheannach, d'eisigh Comhairle Contae Fhine Gall iasachtaí de luach os cionn €1m.

Líon na dTeaghlach

Le hAlt 6 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 - arna leasú le hAlt 21 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 - éilítear ar údaráis tithíochta measúnú a dhéanamh ar na riachtanais chóiríochta a bheidh ag teaghlaigh den Lucht Siúil a mbeidh gá le cóiríocht dóibh i rith thréimhse an Chláir. Ní mór go n-áireofaí sa mheasúnú seo freisin measúnú ar an ngá atá le láithreáin neamhbhuana, agus scaiptear é

ar na comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla ábhartha & an CCÁCLS.

Ina theannta sin agus de réir na dTreoirínte a d'eisigh an tAire, tugadh aird ar an Measúnú um Riachtanais Tithíochta Reachtúla 2018 agus ar an gComhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil a rinneadh i mí na Samhna 2018.

I mí na Samhna 2018, rinneadh suirbhé ar theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil a bhí ina gcónaí sa Chontae. Thug baill foirne ón Rannóg Tithíochta

cuairt ar láithreáin stad, ar ghrúpscéimeanna tithíochta agus ar na baill sin den Lucht Siúil atá i gcóiríocht shóisialta chaighdeánach faoi láthair chun agallamh a chur ar an oiread ball den Lucht Siúil agus is féidir sa Chontae chun an cineál rogha lóistín idéalach a chinneadh do gach teaghlach. Thug baill foirne cuairt ar na baill uile den Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu faoi láthair i gcóiríocht shonrach don Lucht Siúil. Ar dtús báire, rinneadh teagmháil le baill den Lucht Siúil atá ina gcónaí faoi láthair i dtithíocht chaighdeánach údaráis áitiúil



Líon na dTeaghlach Lucht Siúil ar lean ...

ar an teileafón. Mura ndearnadh teagmháil rinneadh iarracht dara glao teileafóin a chur. Ar deireadh, murarbh fhéidir teagmháil teileafóin a dhéanamh leo, thug ball foirne den Rannóg um Lucht Siúil cuairt ar dhaoine go pearsanta. Chuathas i dteagmháil leis an lucht siúil a bhfuil cónaí orthu faoi láthair i gcóiríocht phríobháideach ar cíos ag baint úsáide as an nós imeachta gutháin céanna a úsáidtear do theaghlaigh i dtithíocht chaighdeánach de chuid an údaráis áitiúil. Murarbh fhéidir teagmháil a dhéanamh eisíodh ceistneoir tríd an bpost inar iarraidh í a sheol ar ais go díreach chuig an Rannóg an Lucht Siúil. Measann an Chomhairle go bhfuil 101 Teaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos sa Chontae.

Tá líon iomlán na dteaghlach den Lucht Siúil a ndearnadh suirbhé orthu (509) i gcomhréir le líon na dteaghlach den Lucht Siúil atá sa Chomhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil (509) a rinneadh in 2018. Tá toradh an tsuirbhé seo le fáil i dTábla 4.

RIACHTANAIS CHÓIRÍOCHTA SA TODHCHAÍ

De réir fhorálacha Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 agus

de réir treoir an Aire rinneadh measúnú ar riachtanais chóiríochta réamh-mheasta de theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil a eascróidh le linn na tréimhse den Chlár, i.e. 5 bliana ón 1 Iúil 2019. Sa mheasúnú seo (a rinneadh le linn an tsuirbhé ar rogha cóiríochta a bhfuil cur síos air thuas) léirítear go sroichfidh 114 leanbh ocht mbliana déag d'aois idir na blianta 2019 agus 2024. Meastar go mbeidh


gá breise de 29 aonad cóiríochta ag na leanaí seo.

Ina theannta sin, tá 56 mac agus iníon a bhfuil 18 mbliana d'aois nó os a chionn ina gcónaí faoi láthair lena dtuismitheoirí, meastar go mbeidh a gcóiríocht féin ag teastáil ó 50% díobh seo le linn shaolré an chláir. Is ionann seo agus 28 aonad cóiríochta.

Tábla 4: Roghanna Tithíochta de Theaghlaigh Lucht Siúil

CINEÁL ROGHA CÓIRÍOCHTA NA dTEAGHLACH

	Fanacht sa Chóiríocht Reatha	Tithíocht Chaighdeánach	Tithíocht Ghrúpa	Láithreáin Stad
Líon na dTeaghlach	193	93	47	2
Céatadán	57%	28%	14%	1%



Measúnú ar Riachtanais Chóiríochta

Beidh measúnú ar riachtanas cóiríochta ag teacht le Scéim Leithdháilte na Comhairle um Thacaíocht Tithíochta Sóisialta a glacadh an 15 Meitheamh 2011.

Sa Mheasúnú ar Riachtanas a cuireadh i gcrích i mí na Samhna 2018 tugtar le fios go bhfuil 509 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí faoi láthair i bhFine Gall. Rinneadh suirbhé ar gach teaghlach agus chuir 335 teaghlach iomlán a raibh canbhasáil déanta orthu roghanna éagsúla maidir le cóiríocht i gContae Fhine Gall. Is ionann é seo agus toradh de 66% . Ba é an mian is coitianta a bhí ann ná cóiríocht chaighdeánach tithíochta a sholáthar le 28% ag roghnú an rogha sin.

Iarradh ar na teaghlaigh rannpháirteacha a rogha cóiríochta idéalach agus tá a gcuid freagraí sonraithe i dTábla 4.

Is léir go bhfuil an t-éileamh is mó ar thithíocht chaighdeánach agus ar ghrúpthithíocht. Tá aistriú leanúnach ar shiúl ó láithreáin Stad mar chóiríocht tosaíochta. Tá sé seo ag teacht le torthaí an Measúnaithe Reachtuil ar Riachtanais Tithíochta a rinneadh i rith 2018, i.e. léirigh 2 theaghlach go raibh gá le bá láithreáin stad.



Léiríonn an measúnú seo go sroichfidh 114 leanbh ocht mbliana déag d'aois sna blianta 2019 go 2024.

Tábla 5: Aonaid Nua Chóiríochta atá ag Teastáil

CEANGLAIS CHÓIRÍOCHTA

Cineál Cóiríochta	Líon na nAonad Nua atá Riachtanach
Tithíocht Chaighdeánach	
Tithíocht Chaighdeánach	156
Grúpthithíocht	78
Láithreáin Stad	0
Iomlán	234

Ós rud é go bhfuil líon suntasach de Bhánna Láithreáin Stad folmha sa chontae ag an am seo níl aon tograí sonraithe chun Bá Láithreáin Stad nua a thógáil mar meastar gur féidir na riachtanais a léirítear a chomhlíonadh trí na cláir athchóirithe. Ag féachaint do torthaí an tsuirbhé agus do riachtanais réamh-mheasta sa todhchaí, tá an riachtanas

509 

TEAGHLAIGH LUCHT SIÚIL ATÁ INA gCÓNAÍ I bhFINE GALL

28% 

DE THEAGHLAIGH LUCHT SIÚIL ARB'FHEARR LEO CÓIRÍOCHT TITHÍOCHT CHAIGHDEÁNACH

101 

MEASANN AN CHOMHAIRLE GO BHFUIL 101 TEAGHLACH I GCÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS SA CHONTAE.

cóiríochta leagtha amach i dTábla 5 - (ag glacadh leis an miondealú tosaíochta céanna do na teaghlaigh nua agus dóibh siúd nár ghlac páirt sa shuirbhé cóiríochta agus iad siúd a léirigh rogha iarbhir le linn an tsuirbhé.

Measúnú ar

Próiseas Comhairliúcháin Reachtúil-Poiblí

Tar éis an phróisis chomhairliúcháin reachtúil fuarthas aighneachtaí foirmiúla mar seo a leanas:



AONAD SLÁINTE AN LUCHT SIÚIL - FSS



CENA - TITHE ATÁ IOMCHUÍ Ó THAOBH CULTÚRTHA DE AGUS FAOI STIÚIR AN LUCHT TAISTIL




GLUAISEACHT LUCHT SIÚIL NA HÉIREANN



MABS NÁISIÚNTA AN LUCHT SIÚIL

Breithníodh gach aighneacht a fuarthas agus an plean seo á ullmhú.



- 1 Cnoc Ghairnéara, Baile Brigín
- 2 Páirc San Macullin, Lána Mhata, Baile Brigín
- 3 Portach na Fáinne
- 4 Teachín Ard Ló
- 5 Teachíní na Collchoille, BatterLane
- 6 Faiche Halla an Leasáin, Sord
- 7 Páirc Bhaile Choilín
- 8 Gairdíní Parslickstown, Mullach Eadrad
- 9 Cúirt San Filimín
- 10 Páirc San Filimín
- 11 Lawn Plásog Bhríde, Baile an Phóirtéaraigh
- 12 Lóiste Scioból
- 13 Naomh Muire, Ceapach
- 14 Baile Maidheac
- 15 Cúirt Baiscín
- 16 Páirc na Maigne
- 17 Páirc Bill Shelly, Lána Dún Sinche
- 18 Lána Dún Sinche, Fionnghlas
- 19 Plás an Mhorgánaigh

Láithreáin Neamhbhuana

Pléadh saincheist na láithreán neamhbhuan le Teaghlach an Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu sa Chontae agus ag cruinnithe den CCÁCLS agus ar leibhéal réigiúnach le páirtithe leasmhara éagsúla. Is é dearcadh Chomhairle Contae Fhine Gall agus dearcadh na dTeaghlach Lucht Siúil a ndearnadh a canbhasáil laistigh den chontae nach mór láithreán neamhbhuan a sholáthar ach amháin tar éis an tsoláthair iomláin de riachtanas an Chláir Shonrach don Lucht Siúil atá ann le haghaidh an Lucht Siúil atá dúchasach do cheantar Fhine Gall.

Aontaíodh go ginearálta go soláthrófaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath cóiríocht neamhbhuan mar chuid de líonra de láithreáin neamhbhuana ar fud na n-údarás comharsanach uirbeach go léir - ar bhealach comhordaithe agus cuimsitheach. Tá plé ar siúl maidir leis seo idir na ceithre Údarás Áitiúil.

“

Tuigtear go bhfuil an obair ar siúl ar leibhéal Náisiúnta chun an gá atá le láithreáin neamhbhuana a aithint/a chainníochtú agus chun sonraíochtaí agus samhlacha bainistíochta a fhorbairt dóibh.





Clár Soláthair Nua Beartaithe


Déanfar an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 a chur ar aghaidh chomh tapa agus is féidir agus aird á tabhairt ar infhaighteacht acmhainní. D'fhéadfadh dúshláin eile, mar shampla láithreáin oiriúnacha a shainaithint agus a roghnú i gceantair roghnaithe agus cur i gcrích an phróisis phleanála, moill a chur ar sheachadadh. Braitheann an clár athchóirithe atá beartaithe freisin ar na hacmhainní atá ar fáil.


TITHÍOCHT CHAIGHDEÁNACH

Léirigh 156 teaghlach gurbh fhearr leo tithíocht chaighdeánach shóisialta. Beidh na leithdháiltí de réir Scéim Leithdháilte Chomhairle Contae Fhine Gall do Thacaíocht Tithíochta Sóisialta atá bunaithe ar an "Dáta a bhfuil an Riachtanas ann". Sainmhínítear é seo mar an dáta a chinneann an Chomhairle go bhfuil an teaghlach cáilithe le haghaidh Tacaíochta Tithíochta Sóisialta. I gcás go bhfuil ceisteanna míochaine ag teaghlach, déanfar breithniú iomlán ar scrúdú a dhéanamh ar chásanna dá leithéid de réir an choinníll atá leagtha amach sa Scéim um Leithdháiltí.

 **Láithreán Athsholáthair Pháirc Bhaile Choilín**
Beidh an láithreán reatha ag teastáil ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath chun críocha leathnú aerfoirt. Dá réir sin tá sé beartaithe cóiríocht mhalartach a sholáthar do na tionóntaí den scéim reatha. Tá staidéir indéantachta á ndéanamh faoi láthair ar roinnt díobh chun na críche seo d'fhonn an tionscadal seo a chur chun cinn.


 **Páirc na Maighne**
Tá sé i gceist trí bhá a athchóiriú ar an láithreán seo agus teach feighlí nua a thógáil.


 **Tailte na Ceapaí**
I bPlean Ceantair Áitiúil Bhóthar na Ceapaí rinneadh soláthar do chóiríocht shonrach don Lucht Siúil i bhforbairt na dtailte. Tá sé beartaithe foráil a dhéanamh do ghrúpscéim tithíochta de 8 n-aonad sa cheantar seo. Tá comhairliúchán leanúnach ar siúl le grúpa teaghlaigh chun na riachtanais bheachta a dhaingniú. Is tosaíocht don Chomhairle an láithreán seo a sholáthar,


 **Naomh Mhuire**
Tá athchóiriú an láithreáin seo ar siúl d'fhonn oibreacha lae nua a sholáthar le hoibreacha gaolmhara innealtóireachta sibhialta. Breithneofar ar chóiríocht bhuan a sholáthar ag an áit seo.

CÓIRÍOCHT ATÁ SONRACH DON LUCHT SIÚIL

Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a thugann 100% den mhaoiniú do gach obair chaipitil do chóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil. Mar sin tá na tionscadail go léir atá liostaithe thíos ag brath ar infhaighteacht maoinithe ón Roinn. Tá na sonraí a bhaineann go sonrach leis an láithreán leagtha amach thíos:

 Rinneadh oibreacha athchóirithe ar **Gairdíní Bhaile an Phaslóigh** don scéim seo. Déanfar tuilleadh breithnithe chun tuilleadh oibreacha a dhéanamh ar an scéim seo le linn saolré an phlean.

 **Plásog Bhríde**
Déanfar an láithreán stad de chúig bhá seo a athchóiriú agus a uasghrádú chun aonaid seirbhíse uasghrádaithe a sholáthar (lena n-áirítear córais téimh) Déanfar athbhreithniú ar riachtanais chóiríochta na dteaghlach atá ina gcónaí ar an láithreán.

 **Láithreán Buan Shaileoige**
Tá sé i gceist Scéim Grúpthithíochta de chúig aonad a sheachadadh don ghrúpáil teaghlaigh a dtugtar cóiríocht dóibh faoi láthair ar an láithreán i saoráidí sealadacha.

An Clár Nua Soláthair atá Beartaithe ar lean...

🏠 Páirc Bill Shelly

Tá sé ar intinn ag an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá atá le cóiríocht shonrach don Lucht Siúil ag an suíomh seo i gcomhar le cumann tithíochta deonach, d'fhonn Scéim Grúphtithíochta de 8 n-aonad a sholáthar.

🚐 Baiscín

Déanfar breithniú maidir le staidéar féidearthachta a dhéanamh ar thailte na Comhairle sa cheantar d'fhonn cóiríocht shonrach a sholáthar don Lucht Siúil.

🚐 Láithreán Stad Pháirc San Filimín

Tá sé beartaithe oibreacha athchóirithe a dhéanamh ar an láithreán seo de 10 mbá (móide teach cúramóra) chun aonaid uasghrádaithe seirbhíse agus córais téimh a sholáthar, mar aon le soilsíú poiblí feabhsaithe.

🏠 Cúirt San Filimín - Grúpscéim Tithíochta

Tá sé beartaithe na trí ghrúpteach folmha a athchóiriú

ar an láithreán seo agus tá tús curtha le hoibreacha ina leith seo.

🚐 Plás an Mhorgánaigh

Déanfar athbhreithniú maidir le riachtanais chóiríochta na dteaghlach atá ina gcónaí ar an suíomh seo.

🏠 Mullach Eadrad / Caisleán Cnucha

Tá sé beartaithe tailte a dhaingniú agus a aithint chun freastal ar scéim ghrúptithíochta de 7 n-aonad de chóiríocht shonrach don Lucht Siúil chun freastal ar riachtanais an ghrúpa teaghlaigh atá dúchasach sa cheantar seo.

🏠 Dún Bhaile Maidheac

Tá sé beartaithe oibreacha imscrúdaithe a dhéanamh chun a fháil amach an dteastaíonn síntí ó aon teaghaisí atá ann cheana chun freastal ar mhéadú ar mhéideanna teaghlaigh, agus ag an am céanna oibreacha uasghrádaithe a sheachadadh ar an láithreán de réir mar is gá. Tá sé beartaithe freisin scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht den dhá bhá atá ann cheana féin ar an láithreán a athchóiriú agus na 3 aonad tithíochta damáistithe a athchóiriú.

🚐 Faiche Halla an Leasáin

Tá sé beartaithe scrúdú a dhéanamh ar athsholáthar féideartha an chórais bainistíochta dramhaíola laistigh den láithreán chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na saoráide a chinntiú.

🏠 Bóthar Bhinn Éadair

Tá soláthar scéime grúphtithíochta de 5 aonad mar chuid de thionscadal tithíochta comhtháite fós mar chuspóir de chuid na Comhairle.

🏠 Bóthar na Maighne

Aistríodh tailte chuig an gComhairle agus féadfaidh an Chomhairle grúpscéime tithíochta de 10 n-aonad a thógáil in aice leis an suíomh reatha.

🏠 Domhnach Bat

Níor aimsíodh suíomh oiriúnach fós do chóiríocht na grúpscéime tithíochta de 10 n-aonad.

🚐 Cnoc Ghairnéara

Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh le hathchóiriú ar láithreán stad 5 bhá na scéime seo.

UASGHRÁDÚ FÓNTAIS AR LÁITHREÁIN STAD

Tá sé beartaithe nuachóiriú a dhéanamh ar sheachadadh an tsoláthair leictreachais do theaghlaigh atá ina gcónaí i láithreáin stad ionas go mbeidh siad in ann a n-úsáid fuinnimh aonair a bhainistiú agus a rialú ar bhealach níos fearr, agus mar sin deireadh a chur leis an riachtanas ticéid fóntais a cheannach ó Chigirí na Comhairle agus neamhspleáchas méadaithe a sheachadadh do na teaghlaigh. Déanfar an obair seo ar gach ceann dár Láithreáin Stad, le linn saolré an phlean reatha, ach amháin de láithreáin ina bhfuil a gcuid soláthair leictreachais féin ag teaghlaigh cheana féin. Beidh sé seo de réir molta ón CCÁCLS agus ó MABS Náisiúnta an Lucht Siúil.

Spriocanna Bliantúla

Tábla 6: Cóiríocht Sainiúil don Lucht Siúil - Spriocanna Bliantúla

	Líon na nAonad					
	2019	2020	2021	2022	2023	2024
Grúpthithíocht (nua)	0	24	13	14	17	10
Grúpthithíocht (Athchóiriú)	4	4	3	3	3	3
Athchóiriú ar Láithreáin Stad	30	22	7	5	10	
Iomlán	34	50	23	22	30	13

Tá cur i bhfeidhm rathúil Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil de chuid Comhairle Contae Fhine Gall 2019 - 2024 ag brath ar chumas na Comhairle an maoiniú riachtanach a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil agus ar aithint agus

fáil na dtailte, nuair is gá, chun cóiríocht nua shonrach don Lucht Siúil a thógáil. Tá seachadadh an chlár bheartaithe ag brath ar gach toiliú riachtanach, cead pleanála agus infhaighteacht seirbhísí.

Ionduchtú Tionónta

Le linn thréimhse an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 - 2018, tugadh cóiríocht do 175 teaghlach i dtithíocht chaighdeánach - stoc faoi úinéireacht na Comhairle agus aonaid ar léas faoi na scéimeanna um Chóiríocht ar Cíos agus um léasú fadtéarmach. Is cuid thábhachtach den tseirbhís a sholáthraíonn an

Chomhairle do thionóntaí nua í an polasaí maidir le cúrsaí ionduchtaithe tionónta roimh leithdháileadh. Leis seo, tugtar faisnéis don tionónta nua maidir lena dteach nua, a n-oibleagáidí agus a bhfreagrachtaí faoin gcomhaontú tionóntachta agus tiomantas na Comhairle dóibh agus iad mar thionóntaí.

“

Tugtar deis freisin do thionóntaí bualadh lena gcomharsana nua, ionadaithe pobail agus gníomhaireachtaí áitiúla lena n-áirítear altra sláinte poiblí, Gardaí pobail agus múinteoirí áitiúla.



Teachín na gCúramóirí - Páirc San Macullin

Bainistíocht agus Cothabháil

Leanann Comhairle Contae Fhine Gall uirthi acmhainní airgeadais suntasacha a infheistiú i mbainistiú agus i gcothabháil chóiríocht tithíochta sóisialta atá sonrach don Lucht Siúil - tá sé seo ag teacht lenár mbainistiú de scéimeanna tithíochta caighdeánacha. Mar sin féin, tá deacrachtaí suntasacha i roinnt réimsí agus tá sé beartaithe béim ar leith a chur ar an gceist seo le linn shaolré an Phlean seo.

Ceanglaítear ar gach tionónta de láithreáin stad oifigiúil / scéimeanna grúpthithíochta comhaontú tionóntachta / ceadúnais a shíniú sula nglacann siad seilbh de chóiríocht don Lucht Siúil. Mínítear go mion na coinníollacha atá sna comhaontuithe ceadúnais/tionóntachta sin do gach tionónta nua. Faigheann tionóntaí cóip den lámhleabhar caighdeánach tionónta ina leagtar amach freagrachtaí an tionónta agus an údaráis áitiúil araon.

Déantar gach iarratas ar chóiríocht an Lucht Siúil a chothabháil agus a thaifeadh i gcóras taifeadta cothabhála leictreonaí. Déantar gach iarratas cothabhála a logáil a luaithe agus a fhaigheann an Rannóg

Tithíochta iad. Leis an gcóras seo socraítear “dáta críochnaithe sprice” go huathoibríoch ag brath ar an gcaoi a ndéantar an t-iarratas a chatagóiriú m.sh. gnáth, práinneach, éigeandáil, srl. Cuireann sé seo ar chumas na rannóige Cothabhála Tithíochta monatóireacht a dhéanamh agus a chinntiú go ndéantar oibreacha cothabhála laistigh de thréimhse ama ar leith. Leanfar ar aghaidh ag bronnadh stádas tosaíochta ar oibreacha éigeandála; i measc na n-oibreacha sin tá deisiúcháin agus cothabháil leictreachais atá de chineál sláinte & sábháilteachta. Tá roinnt saincheistanna cothabhála a bhfuil na tionóntaí freagrach as agus is féidir tuilleadh sonraí a fháil

ar ár suíomh gréasáin www.fingal.ie/tithíocht agus i lámhleabhar an tionónta.

Ní féidir deisiúcháin neamhriachtanacha agus gnáthchothabháil a dhéanamh sa chás go bhfuil cuntais chíos a riaráiste de dheich seachtaine nó níos mó agus nach bhfuil aon chlár íocaíochta riaráiste ar bun.

Déantar oibreacha comhshaoil, lena n-áirítear tírdhrechtú crua agus bog, chun timpeallacht mhaireachtála na gcónaitheoirí a fheabhsú agus chun cuma ghinearálta na láithreán a mhéadú ar bhonn bliantúil mar chuid den chlár cothabhála sonrach don Lucht Siúil.



Sábháilteacht Dóiteáin

Bíonn teagmháil rialta ag Comhairle Contae Fhine Gall le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath maidir le comhairle faoi Shábháilteacht ó Dhóiteán i gcóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil. Cuireadh léarscáileanna agus cur síos de gach láithreán sa Chontae ar fáil do Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

Déantar iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin ar bhonn rialta. Tá comharthaíocht de na suíomhanna phointe tionóil crochta agus tá

suíomh an hidrant dóiteáin aitheanta.

Tá pluideanna dóiteáin, aláraim charbóin agus aláraim deataigh suiteáilte. Spreagtar teaghlaigh chun a chinntiú go bhfanann na hearáí seo i ndea-chaoi agus chun teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Tithíochta nó leis an rannóg chothabhála mura bhfuil. Tá múchtóirí dóiteáin curtha ar fáil ar gach láithreán agus déantar iad a sheirbhísiú

de réir mar is gá. Déantar teagmháil le cónaitheoirí go rialta agus tugtar cuireadh dóibh freastal ar oiliúint struchtúrtha um shábháilteacht ó dhóiteán le baill foirne ó Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

Tá leabhráin eolais um Shábháilteacht ó Dhóiteán tugtha do gach cónaitheoir ina gcuimsítear faisnéis phraiticiúil agus ina leagtar béim ar a gcuid freagrachtaí chun sábháilteacht leanúnach a dteaghlach a chinntiú.

Rannpháirtíocht Tionóntaí/Bainistiú Eastáit

Spreagann an Rannóg Tithíochta rannpháirtíocht na dtionóntaí i mbainistiú agus i gcothabháil cóiríochta nuair is féidir. Cuirtear fáilte roimh ghrúpaí cónaitheoirí in Eastáit atá Sonrach don Lucht Siúil, rachaidh foireann na Comhairle i dteagmháil le cónaitheoirí chun béim a chur ar shaincheisteanna agus obair chun na saincheisteanna sin a réiteach i spiorad comhpháirtíochta.

BAINISTIÚ EASTÁIT

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag iarraidh dlúthnaisc oibre a chothú le grúpaí ionadaíochta don Lucht Siúil chun iarracht a dhéanamh iompar frithshóisialta a chosc agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bainistithe eastáit.

Is í an Fhoireann Bainistíochta Eastáit i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil a dhéanann an obair seo agus déantar í trí theagmhálacha a bunaíodh le cónaitheoirí.

Tarlaíonn rannpháirtíocht agus comhairliúchán suntasach

Rannpháirtíocht Tionóntaí / Bainistiú Eastáit ar lean ...

freisin do theaghlaigh roimh agus le linn obair thógála ar scéimeanna nua agus ní mór do gach teaghlach páirt a ghlacadh in Ionduchtú Tionóntachta sula dtéann siad isteach i dTionóntachtaí nua.

Bíonn drochthionchar ag iompar frithshóisialta ar chónaitheoirí áitiúla, ar an bpobal i gcoitinne agus ar bhaill foirne Chomhairle Contae Fhine Gall. Ina theannta sin, cuirtear ualaí do-ghlactha ar acmhainní airgeadais na Comhairle, le hiompar frithshóisialta, amhail, ach gan a bheith teoranta do, damáiste coiriúil, dumpáil dramhaíola, srl. Is é beartas na Comhairle nach nglacfar le hiompar frithshóisialta i gcóiríocht tithíochta ar bith de chuid na Comhairle, cibé cóiríocht shonrach don Lucht Siúil nó cóiríocht chaighdeánach. Ar an gcaoi chéanna, ní ghlacfar le haon mhí-úsáid bhriathartha, bagairtí nó imeaglú d'fhoireann na Comhairle agus déileálfar leo i gcomhairle leis an nGarda Síochána.

Ghlac an Chomhairle a Straitéis Frithshóisialta i nDeireadh Fómhair 2010 agus baineann an straitéis seo le gach láithreán don Lucht Siúil agus tá sé mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige na Comhairle maidir le hiompar frithshóisialta a chosc agus a chomhrac.

Ceanglaítear ar gach tionónta cíos a íoc as an gcineál cóiríochta atá á áitiú acu. Ceanglaítear ar thionóntaí de láithreán stad cíos seachtainiúil / comhréidh a íoc agus beidh ar thionóntaí de scéimeanna grúpthithíochta cíos a íoc de réir scéim cíosa difreálaí na Comhairle. Athbhreithnítear an cíos ainmiúil atá iníoctha le haghaidh láithreán stad ó am go ham. D'fhéadfadh neamhíocaíocht chíosa a bheith mar chúis le himeachtaí athshealbhaithe a thionscnamh sa chaoi chéanna leis an bpolasaí le tithíocht chaighdeánach. Measfar tionónta a dhéanfar a dhíbirt mar gheall ar neamhíocaíocht cíosa go ndearnadh sé é féin a bheith gan dídean.

Buailfidh baill foirne ón Rannóg Tithíochta le cumainn chónaitheoirí nó le grúpaí pobail eile chun cúrsaí a phlé a bhaineann leis an gcóiríocht don Lucht Siúil atá lonnaithe ina gceantar a bhainistiú agus a chothabháil.

CAMPAÍ NEAMHÚDARAITHE

Tá an reachtaíocht maidir le láithreáin neamhúdaraithe leagtha amach in Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 agus

in Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh leis na cumhachtaí seo a úsáid nuair is cuí.

I bhFíne Gall, d'fhéadfadh campaí neamhúdaraithe don Lucht Siúil teacht chun cinn ar dhá bhealach, de ghnáth: -

Ag amanna áirithe den bhliain, go háirithe i rith mhíonna an tsamhraidh, d'fhéadfadh an Lucht Siúil teacht le chéile in áiteanna éagsúla ar fud an chontae. Fágann go leor de na Taistealaithe seo cóiríocht ar dháil údaráis áitiúla eile orthu agus mealltar iad chuig Fíne Gall agus chuig ceantair eile i mBaile Átha Cliath leis na comhchruinnithe móra daonra inar féidir leo airgead a thuilleamh ó thrádáil agus ó ghníomhaíochtaí eile ar nós bearradh crann, deisiúcháin gáitéir srl.

Fágann baill den Lucht Siúil go deonach an chóiríocht a thugann Comhairle Contae Fhine Gall agus údaráis áitiúla eile dóibh.

Faoi reachtaíocht reatha, tá sé de chumhacht ag an gComhairle an Lucht Siúil a bhogadh ó champaí neamhúdaraithe má tá folúntas ann ar láithreán stad oifigiúil laistigh de chúig mhíle.

Rannpháirtíocht Tionóntaí / Bainistiú Eastáit ar lean ...

Le hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 ceadaítear d'údaráis áitiúla déileáil le campaí neamhúdaraithe laistigh de gha míle d'aon chóiríocht don Lucht Siúil. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag úsáid na gcumhachtaí seo nuair is cuí. Ina theannta sin, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag lorg urghairí Cúirte chun campaí neamhúdaraithe a bhaint i gcás nach bhfuil forálacha Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 infheidhme.

“

Le Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002, tugtar isteach cionta nua maidir le dul isteach agus talamh a áitiú gan toiliú. Feidhmíonn an Garda Síochána na cumhachtaí maidir leis na nithe seo. Le hAcht na mBóithre 1993, cuirtear cosc ar áitribh shealadacha a chur ar bhóithre áirithe. Úsáidtear na cumhachtaí maidir leis seo freisin nuair is iomchuí.



Nótaí

A series of horizontal dotted lines for writing notes.

Nótaí

A series of horizontal dotted lines for writing notes.

